Ceannaire Foirne don Mhatamaitic, Ábhair T4 agus Clár na hIdirbhliana san Iar-bhunscoil

Sainchuntas Poist agus Nótaí Ginearálta

1. Forbhreathnú

Is seirbhís tacaíochta trasearnála í an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), agus í faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sí tacaíocht forbartha gairmiúla do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do cheannairí scoile. Cuireann an obair a dhéanann SFGM le feabhsúchán scoile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar shaincheisteanna curaclaim agus oideachais, agus cleachtas athmhachnamhach agus forbairt leanúnach á gcothú i measc múinteoirí agus ceannairí scoile.

I measc thosaíochtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna sna blianta amach romhainn tá:

- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus an Mhatamaitic (STEM)
- Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa Teagasc agus san Fhoghlaim de réir na Straitéise Digití do Scoileanna de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Féinmheastóireacht Scoile
- Sláinte agus Folláine
- Ceannaireacht Scoile
- An curaclam a athchóiriú lena n-áirítear Ábhair agus Cláir Bhunscoile agus Iar-bhunscoile

Tá deis iasachta lánaimseartha á tairiscint ag SFGM faoi láthair le haghaidh Cheannaire Foirne don

- **Mhatamaitic Iar-bhunscoile lena n-áireofar forbairt a dhéanamh ar an ról atá aici maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an Pholasaí um Oideachas STEM 2017 - 2026 a bhaint amach**
- **Ábhair T4**
- **Clár na hIdirbhliana**

Tasc tosaíochta do 2018/2019 is ea comhordú a dhéanamh ar Thionscadal Oidhreachta an Dioplóma Ghairmiúil sa Mhatamaitic don Mhúinteoireacht in Ollscoil Luimnigh lena ndíreofar ar na hacmhainní a forbraíodh a nuashonrú agus a úsáid.

Oibreoidh an Ceannaire Foirne mar chuid d'fhoireann meán-bhainistíochta agus tuairisceoidh sé/sí go díreach d'fhoireann ardbhainistíochta na Leas-Stiúrthóirí agus don Stiúrthóir Náisiúnta.

Is é an spriocdháta d'iarratais 3 pm Déardaoin, 13 Meán Fómhair.

2. Sainchuntas Poist

Beidh an Ceannaire Foirne d'Iar-bhunscoileanna do na hábhair agus cláir thuasluaite freagrach as:

- An fhoireann lánaimseartha comhairleoirí a bhfuil saineolas acu sna réimsí sin a threorú agus a bhainistiú
- Ceapadh agus soláthar forbartha gairmiúla leanúnaí a bhainistiú agus a threorú trí mhúnlaí éagsúla
- Imeachtaí náisiúnta agus réigiúnacha forbartha gairmiúla leanúnaí a phleanáil agus a sceidealú, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu
- Iarratais tacaíochta scoile ar na hábhair/cláir ábhartha a bhainistiú agus riar cásanna a dháileadh ar chomhairleoirí de chuid na foirne
- Monatóireacht a dhéanamh ar shonraí tacaíochta forbartha gairmiúla leanúnaí a chuireann an fhoireann iar-bhunscoile isteach i gCóras Bainistíochta Sonraí SFGM agus na sonraí sin a thaifeadadh agus a asbhaint
- Bainistíocht a dhéanamh ar línte buiséid le haghaidh na n-ábhar agus na gclár thuasluaite, lena n-áirítear an buiséad bliantúil a ullmhú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chaiteachas.
- Comhlaigh pháirtaimseartha sna hábhair agus sna cláir ábhartha a threorú agus a bhainistiú
- Oiliúint agus forbairt na foirne lánaimseartha comhairleoirí agus na gcomhlach páirtaimseartha a chomhordú
- Acmhainní a chur ar fáil don fhoireann comhairleoirí
- Insealbhú agus oiliúint ball nua foirne a phleanáil
- Bainistíocht a dhéanamh ar ábhair acmhainní a ullmhú agus a sholáthar mar chuid de na cláir forbartha gairmiúla agus tacaíochta
- A áirithiú go dtacaíonn na cláir forbartha gairmiúla leanúnaí ábhartha le Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- A áirithiú go ndéantar na ranna ábhartha de shuíomh gréasáin SFGM a chothabháil agus go bhfuil siad cothrom le dáta Tacaíocht a thabhairt don fhoireann ardbhainistíochta chun obair SFGM a chomhordú
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí oideachais/institiúidí tríú leibhéal agus cigireacht na Roinne agus oibriú i gcomhar leo de réir mar is iomchuí

- Cúraimí riaracháin a dhéanamh de réir mar a theastaíonn ón ardbhainistíocht
- Tuarascálacha a scríobh agus cáipéisíocht a bhainistiú
- Cumarsáid éifeachtach a eagrú agus cúram a dhéanamh di

D'fhéadfadh dualgais an Cheannaire Foirne athrú de réir riachtanas agus tosaíochtaí a thagann aníos agus de réir mar a shannann an Stiúrthóir Náisiúnta iad.

3. **Raon an Eolais, na Taithí agus na Scileanna a theastaíonn**
   Beidh ag an iarrthóir is fearr raon inniúlachtaí agus scileanna chun tacú leis an ról. Beidh na nithe seo go háirithe ina measc:
   - Scileanna idirphearsanta den scoth
   - Eolas agus scileanna ceannaireachta
   - Sárscileanna idirbheartaíochta, bainistíochta foirne agus spreagtha, agus cumas cruthaithe athrú a threorú agus a bhainistiú
   - Eitic láidir oibre
   - Scileanna bainistíochta tionscadal agus scileanna tionscadal a chur i gcrích
   - Raon taithí teagaisc, eolas an-mhaith ar churaclaim náisiúnta, ar an dóigh a n-oibríonn scoileanna agus ar reachtaíocht ábhartha (lena n-áirítear Alt 24 den Acht Oideachais, 1998)
   - Eolas ar bheartas oideachais agus ar thaighde ar an oideachas atá ar fáil faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn
   - Eolas agus taithí ar straitéisí éifeachtacha maidir le hoideachas múinteoirí, ceannaireacht scoile, féinmheasúnú scoile agus feabhsúchán scoile
   - Taithí ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí a cheapadh, a fhorbairt agus a sholáthar lena n-áirítear fianaise air go bhfuiltear in ann machnamh, an fhoghlaim bunaithe ar fhiosrú agus taighde scoil bhunaithe do mhúinteoirí a shlógadh agus tacaíocht a chur ar fáil ina dtaobh
   - An cumas obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú go forghníomhach
   - Tuiscint ar an ról atá ag na teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
   - Beidh taithí ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge, líofacht sa teanga agus an toil oibriú trí mheán na Gaeilge ina mbuntáiste le haghaidh an phoist seo ach ní riachtanas iad

Tá solúbthacht ina gné lárnach den ról d'fhonn riachtanais na heagraíochta a shásamh, agus mar sin áireofar ann toilteanas le taisteal agus/nó oibriú sa tráthnóna de réir mar a bheidh réasúnach agus riachtanach chun na dualgais a fheidhmiú i gceart faoi réir na dteorainneacha arna leagan síos san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997

4. Láthair

- Beidh na hiarrthóirí rathúla ar iasacht in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus tuairisceoidh siad d'fhoireann bainistíochta SGFM
- Ní riachtanas a bheidh ann go mbeidh an Ceannaire Foirne lonnaithe in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Beidh gá dó/di, áfach, taisteal ann agus chuig áiteanna eile de réir mar a bheidh gá
- Beidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo a gcóir iompair féin a bheith acu agus láncheadúnas tiomána a bheith acu agus a choinneáil
- Beidh rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí i bhfeidhm agus ríomhfar iad ó d'Ionad Oideachais sainithe áitiúil, nó ón mbaile, de réir mar is cuí

5. Iasacht

Tá an post seo oscailte do gach múinteoir cáilithe a bhfuil post aitheanta acu in iar-bhunscoil aitheanta,

- Beidh na hiasachtaí de réir ciníollacha Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna – faoi láthair 0029/2018.
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireodh leo ar bhonn iasachta ar feadh scoilbhliain amháin, faoi réir tréimhse phromhaidh trí mhí a chur i gcrích go sásúil.
- Tá an iasacht faoi réir athbhreithniú agus athnuachan bhliantúil agus faomhadh bliantúil údarás/Bhord Bainistíochta na scoile agus na Roinne Oideachais agus Scileanna

Ceadú na Roinne Oideachais agus Scileanna

- Is faoi réir cheadú na Roinne Oideachais agus Scileanna atá gach ceapachán
- Ní féidir tairiscint chríochnúil cheapacháin a thabhairt sula dtugtar ceadú

Conradh

- Iarrfar ar gach iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi conradh a shíniú, ina ndéanfar soláthar do phróiseas leanúnach feidhmíochta agus forbartha.

Eile

- Tá gach ceapachán faoi réir fianaise ó Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus go soláthróidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi fianaise ar chuntas saoire breoiteachta sásúil d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
- Tá gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla, lena n-áirítear teistiméireacht ó fhostóir reatha an iarratasóra

- Coimeádann Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an ceart an post a athfhógairt i gcás ina measann sé nach bhfuil go leor iarratasóirí incháilithe ann. Cuirfear na hiarratasóirí incháilithe ar an eolas agus tabharfar an rogha dóibh a n-iarratas a fhágáil ar an gcomhad
- Oibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi go heisiach d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus ní bheidh cead aige/aici glacadh le fostaíocht ar bith eile ar feadh thréimhse an chonartha gan cead cuí a fháil roimh ré

6. Tuarastal

I gcás na hiasachta, tagann an tuarastal le haghaidh Ceannaire Foirne le Catagóir 3 mar a fhoráiltear dó i nDámhachtain Eadrána 2003 i ndáil le múinteoirí ar iasacht, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach thíos. Tá luach saothair i gcónaí faoi réir rialacháin ábhartha na Roinne Oideachais nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoi láthair tá imlitreacha reatha an Roinn Oideachais agus Scileanna i bhfeidhm – imlitir reatha 0083/2017.

Tá Ceannaire Foirne (tosaitheoir roimh 2011) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Scála Buntuarastal Coitianta Múinteoirí, **agus**
- Liúntas as bunchéim onóracha
- Liúntas as Ard-Dioplóma onóracha san Oideachas
- Liúntas caighdeánach iasachta Chatagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	Post SFGM	Buntuarastal Coitianta Múinteoirí	Liúntas do Chéim Onóracha	Liúntas d'Ard-Dioplóma Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	**Ceannaire Foirne**	Mar is Infheidhmithe	€4,918 in aghaidh na bliana @1/1/2010	€1,236 in aghaidh na bliana @ 1/1/2010	€13,146 in aghaidh na bliana @ 1/1/2010

Tá Ceannaire Foirne (tosaitheoir i ndiaidh Eanáir 2011 agus roimh Feabhra 2012) I dteideal iad seo a leanas:

- A phointe/pointe ábharthach ar an Scála Comónta Bunúsach d'Oidí **móide** Her/his relevant point on the Teachers' Common Basic Scale, **plus**
- Liúntas Ard Dioplóma in Oideachais Onórach **más rud é go bhfuil go bhfuil an liúntas ag an muinteoir cheana féin**
- An Liúntas iasachtachta caighdeánach Catagóir 3, a théann chun pinsean. (féach an table thíos)

Catagóir Iasachtachta	**Post SFGM**	**Scála Comónta Bunusach na nOidí**	**Liúntas ATO Onóracha**	**Liúntas Caighdéanach Iasachtachta**
3	**Ceannaire Foirne**	Infheidhme	€1,236 in aghaidh na bliana @ 1/1/2010	€13,146 in aghaidh na bliana @ 1/1/2010

Tá Ceannaire Foirne (tosaitheoir i ndiaidh Feabhra 2012) i dtideal orthu siúd a leanas:

- A phointe/pointe ábharthach ar an Scála Comónta Bunúsach d'Oidí, **móide**
- An Liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, a theann chun pinsean. (féach an table thíos)

Catagóir Iasachtachta Catagóir	**Post SFGM**	**Scála Comónta Bunúsach na nOidí**	**Liúntas caighdeánach Iawsachtachta**
3	**Ceannaire Foirne**	Infheidhme	€13,146 in aghaidh na bliana @ 1/1/2010

Ní bheidh liúntais do phost freagrachta iníoctha le pearsanra ar iasacht a fhaigheann na liúntais iasachta thuas.

7. Nós Imeachta Roghnúcháin

- Roghnófar an duine cuí trí agallamh iomaíoch
- Níor cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ach mar cheangaltán ríomhphoist chuig recruitment@pdst.ie faoi **3 pm Déardaoin, 13 Meán Fómhair**.
- Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha
- Bunófar coiste roghnúcháin chun tabhairt faoi gach gné den phróiseas roghnúcháin
- D'fhéadfaí gearrliostú a dhéanamh
- I ndeireadh na dála, tá sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí freastal ar an agallamh má thugtar cuireadh dóibh déanamh amhlaidh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur féidir nach mbeifear in ann dáta malartach a chur ar fáil
- Iarrfar ar na daoine sin a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh cur i láthair 5 nóiméad a thabhairt os comhair an phainéil agallaimh. Díreofar ann ar fhís an iarratasóra le haghaidh an phoist agus ar conas a d'fhéadfadh sé/sí cur le forbairt ghairmiúil leanúnach laistigh den SGFM
- Beidh an t-agallamh bunaithe ar inniúlachtaí atá ar aon dul leis na scileanna a leagtar amach sa sainchuntas poist i gcuid 3 thuas agus iad siúd arna leagan amach san fhoirm iarratais
- Féadfar painéal a bhunú as a bhféadfaí folúntais sa todhchaí a líonadh
- Dícháileofar iarrthóirí má thugtar faoi chanbhasáil dhíreach nó indíreach
- Beidh iarrthóirí freagrach as na costais ar fad a thabhófar mar gheall ar an iarratas agus ar an agallamh

8. Scaoileadh ón bPost Reatha

- Is faoi na hiarrthóirí a n-éiríonn leo comhaontú a fháil ó údaráis a scoile le go scaoilfí iad óna bpost chun glacadh leis an bpost nua ar feadh na tréimhse lena mbaineann
- Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí rathúla ar fáil a luaithe is féidir le glacadh leis an bpost
- Beidh tiomantas scaoilte ó d'fhostóir ag teastáil. Nuair a fhaightear tairiscint, iarrfar ar an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi deimhniú láithreach a lorg óna f(h)ostóir (e.g. Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta). Ba cheart go dtabharfaí le fios sa ráiteas sínithe sin gur féidir leis an bhfostóir (e.g. Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta) an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi a scaoileadh

9. Ceisteanna

Ba cheart aon cheist i ndáil leis an gcáipéis seo a sheoladh ar ríomhphost chuig recruitment@pdst.ie